



2026/171

27.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/171 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2026

maidir le húdarú aigéid fhúmaraigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch talún a athnuachan, lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013 agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/56

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Údaráíodh aigéad fúmarach ar feadh tréimhse 10 mbliana le haghaidh gach speicis ainmhíoch mar bhreiseán beathaithe san fheidhmghrúpa 'leasaithe' le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾, agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/56 ón gCoimisiún ⁽³⁾.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú aigéid fhúmaraigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha', san fheidhmghrúpa 'leasaithe' agus sa chatagóir 'breiseáin chéadfacha', san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas eile ar úsáid nua aigéid fhúmaraigh sa chatagóir 'breiseáin chothaitheacha', san fheidhmghrúpa 'rialtán aigéadachta'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) agus Airteagal 7(3) den Rialachán sin ag gabháil leis na hiarratais sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 17 Meán Fómhair 2024 ⁽⁴⁾ go bhfuil aigéad fúmarach fós sábháilte d'ainmhithe talún, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá údaraithe, cé nach bhféadfadh sé teacht ar chonclúid maidir lena shábháilteacht d'ainmhithe uisceacha, ag tabhairt dá aire go bhfuil na sonraí atá ar fáil maidir le sábháilteacht aigéid fhúmaraigh d'ainmhithe uisceacha gann. Mheas sé freisin nach dtabharfaí rioscaí nár measadh cheana féin isteach le húsáid nua an bhreiseáin mar rialtán aigéadachta, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil aigéad fúmarach ina ghreannaitheoir craicinn, súl agus conaire riospráide, agus gur cheart a mheas gur íogróir craicinn agus riospráide é. Dúirt an tÚdarás nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht aigéid fhúmaraigh lena úsáid mar leasaitheach agus mar chomhdhúil bhlaistithe, toisc nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú nó a fhorlíonadh i ndáil leis sin, cé nach raibh sé in ann teacht ar chonclúid maidir lena éifeachtúlacht mar rialtán aigéadachta i mbeatha.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2013 maidir le haigéad fúmarach a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 292, 1.11.2013, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1078/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/56 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2016 maidir le haigéad lachtach, aigéad 4-ocsóvailéarach, aigéad suscanach, aigéad fúmarach, aicéataicéatáit eitile, lachtáit eitile, lachtáit bhúitile, 4-ocsóvailéaráit eitile eitile, suscanáit dé-eitile, malónáit dé-eitile, búitil-O-bútairillachtáit, lachtáit heics-3-einile, lachtáit heicsile, búlara-1,4-lachtón, deacána-1,5-lachtón, aondeacána-1,5-lachtón, peantána-1,4-lachtón, naonána-1,5-lachtón, ochtána-1,5-lachtón, heaptána-1,4-lachtón agus heacsána-1,4-lachtón a údarú mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 13, 17.1.2017, lch. 129, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/56/oj).

⁽⁴⁾ EFSA Journal 2024 [Iris EFSA], 22(10), e9019 (<https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9019>).

- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh roimhe seo i ndáil leis na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar aigéad fúmarach mar bhreiseán beathaithe, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Rinneadh an measúnú roimhe seo i gcomhthéacs meastóireacht nua ar na modhanna anailíse lena mbaineann a rinne an tSaotharlann Tagartha, dá dtagraítear sa tuairim ón Údarás an 17 Meán Fómhair 2024, chun forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha a chur san áireamh agus chun oiriúnacht níos fearr na modhanna anailíse le haghaidh rialuithe oifigiúla a áirithiú.
- (6) Le litir dar dáta an 21 Samhain 2024, tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar athnuachan an údaráithe a mhéid a bhaineann le haigéad fúmarach a úsáid le haghaidh ainmhithe uisceacha agus leis an iarratas maidir lena úsáid mar rialtán aigéadachta.
- (7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann aigéad fúmarach na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, a mhéid a bhaineann sé lena úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh ainmhithe talún. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (8) Mar thoradh ar údarú aigéid fhúmaraigh mar bhreiseán beathaithe le haghaidh ainmhithe talún a athnuachan, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013 a aisghairm agus ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/56 a leasú chun údarú an bhreiseáin a choinneáil ar bun lena úsáid le haghaidh speicis ainmhíocha nach bhfuil faoi réir athnuachan an údaráithe, agus lena n-aghaidh sin amháin.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaráithe

Maidir le húdarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha', leis an bhfeidhmghrúpa 'leasaithe' agus leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha', leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', déantar é a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013.

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/56

Sa chúigiú colún d'iontráil 2b08025 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/56, cuirtear na focail 'Speicis ainmhíocha uisceacha' in ionad na bhfocal 'Gach speiceas ainmhíoch'.

*Airteagal 4***Bearta idirthréimhseacha**

1. An breiseán beathaithe aigéad fúmarach, mar a údaraítear le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1078/2013 agus (AE) 2017/56 agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh gach speicis ainmhíoch talún, agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe talún.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Feabhra 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe talún nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 5***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: leasaithigh								
1a297	Aigéad fúmarach	Comhdhéanamh an bhreiseáin Aigéad fúmarach Foirm sholadach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Aigéad fúmarach ≥ 99,5 % Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach. C ₄ H ₄ O ₄ Uimh. CAS 110-17-8 <i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le haigéad fúmarach (mar aigéad fúmarach iomlán) sa bhreiseán beathaithe, sna réamh-mheascáin, agus i mbeatha chumaisc a chinneadh: — Crómatagrafaíocht iain le brath seoltachta - EN 17294.	Éanlaith chlóis Muca seachas iad siúd a bheathaít- ear le bainne púdrach	—	—	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Ceadaítear úsáid chomhuaineach aigéid fhúmaraigh le foinsí eile aigéid fhúmaraigh, ar choinníoll go bhfuil an méid aigéid fhúmaraigh sna hábhair bheatha agus sa bheatha cumaisc níos ísle ná an méid a eascraíonn as an mbreiseán a úsáid ar an uaschion nó ar an gcion molta i gcás an speicis ainmhí nó na catagóire ainmhí faoi seach. 3. Léirigh sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin, an réamh- mheascáin agus na n-ábhar beatha gaolmhar do bhia- ainmhithe: 'Is fritásctha é úsáid chomhuaineach a bhaint as aigéid orgánacha éagsúla nó as a salainn i gcás ina mbaintear úsáid as ceann amháin nó níos mó díobh ag leibhéal an uaschion is ceadmhach nó i ngar dó.'	an 16 Feabhra 2036
			Mamaigh óga a bheathaít- ear le bainne púdrach			10 000 ⁽²⁾		
			Gach speiceas ainmhíoch talún eile			-		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáilú.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(²) mg d'aigéad fúmarach in aghaidh an kg de bhainne púdrach (Ábhar Tirim 94.5 %).

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile blaistithe								
2b08025	Aigéad fúmarach	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Aigéad fúmarach Foirm sholadach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Aigéad fúmarach ≥ 99,5 % Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach C ₄ H ₄ O ₄ Uimh. CAS 110-17-8 Uimh. FLAVIS 08.025 <i>Modh anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le haigéad fúmarach sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte	Gach speiceas ainmhíoch seachas speicis ainmhithe uisceacha	—	—	—	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear úsáid chomhuaineach aigéid fhúmaraigh le foinsí eile aigéid fhúmaraigh, ar choinníoll go bhfuil an méid aigéid fhúmaraigh sna hábhair bheatha agus sa bheatha cumaisc níos ísle ná an méid a eascraíonn as an mbreiseán a úsáid ar an uaschion nó ar an gcion molta i gcás an speicis ainmhí nó na catagóire ainmhí faoi seach. 4. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: ‘An t-uaschion molta den tsubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 5 mg/kg’.	an 16 Feabhra 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							5. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 4 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad na réamh-mheascán na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáil.	

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

(¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.